Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

FOIRM GHEARÁIN MAIDIR LE DUMPÁIL NEAMHDHLEATHACH AGUS TRUAILLIÚ

Léigh an fhaisnéis chúlra seo a leanas sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo

Ag déanamh gearáin

Más maith leat gearán a dhéanamh faoi dhumpáil neamhdhleathach nó faoi thruailliú féideartha i bhFine Gall, bheadh sé níos fearr, áit ar féidir é, gearán scríofa a chur isteach. Ar an dóigh sin, beidh an t-eolas againn atá de dhíth orainn chun an gearán a phróiseáil go tapa agus go héasca nó é a chur ar aghaidh chuig údarás eile más gá.

I gcásanna géarchéime, lena n-áirítear an tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine, ba cheart do bhaill den phobal na huimhreacha teagmhála iar-ama agus géarchéime do Chomhairle Contae Fhine Gall agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe eile a úsáid.

Rinneadh an ghnáthfhoirm ghearáin seo a scríobh chun é a dhéanamh níos éasca duit gearán a dhéanamh. Cé nach bhfuil an fhoirm éigeantach, cabhróidh sé leatsa agus linne trí deis a thabhairt duit an méid eolais is féidir a sholáthar agus gearán á dhéanamh agat.

Ní chaithfidh tú aon eolas pearsanta fút féin a thabhairt agus gearán a chur isteach chuig Comhairle Contae Fhine Gall agat, cé go gcuidíonn sé linn tú a choinneáil suas chun dáta maidir le dul chun cinn ár bhforfheidhmithe má thugann tú d'ainm agus seoladh, agus cabhróidh sé linn teagmháil a dhéanamh leat má bhíonn tuilleadh eolais de dhíth orainn nó má bhíonn againn aon eolas a thug tú dúinn cheana a shoiléiriú. Is féidir leat d'ainm agus seoladh a thabhairt dúinn agus iarraidh orainn é a choinneáil faoi rún ach caithfidh tú seo a chur in iúl dúinn nuair a dhéanann tú gearán. Urramóidh muid do mhian rúndachta laistigh de na cumhachtaí a sholáthraítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997.

Nuair atá an fhoirm seo comhlánaithe agat, seol é, maille le haon chóip d'eolas bainteach eile lena n-áirítear grianghraif agus léarscáileanna, chuig:

An Rannóg Forfheidhmithe, Rannóg Comhshaoil Chomhairle Contae Fhine Gall, An Phríomhshráid, Sord, Contae Bhaile Átha Cliath.

Guthán: 01 890 6294 R/phost: envserv@fingalcoco.ie

UIMHIR IAR-AMA AGUS GÉARCHÉIME

Guthán: 01 873 1415

Cinntigh go gcoinníonn tú cóip d'aon ghearán a chuireann tú chugainn le haghaidh tagartha sa todhchaí.

SONRA_ GINEARÁLTA GEARÁIN

Líon isteach an fhoirm seo i mBLOCLITREACHA

D'AINMN-SA:

DO Sheoladh:

Uimhir Ghútháin:

Facs:

Seoladh r/phoist: @

Ainm agus seoladh an tionscail, an tsuímh nó na saoráide, an dobharlaigh, na habhann nó an duine lena mbaineann an gearán seo:

SEOLADH AN LÁITHREÁIN AGUS SRACLÉARSCÁIL

Úsáid an bosca thíos chun treoracha a thabhairt nó chun sracléarscáil a tharraingt den láithreán inar tharla an dumpáil. Áit ar féidir, úsáid séadchomharthaí inaitheanta, m.sh. príomhbhóthar, óstán, garáiste, comharthaíocht agus/nó comhordanáidí léarscáile chun cabhrú linn an suíomh cruinn a aimsiú. Úsáid leathanach eile más gá.

CUNTAS SCR⁀OFA DEN TEAGMHAS DUMPÁLA/TRUAILLITHE

Mínigh fíorais an teagmhais dumpála nó truaillithe lena mbaineann an gearán seo ag tabhairt an méid is mó sonraí agus is féidir. Bheadh dáta, am agus fad an teagmhais, agus gach faisnéis eile lena n-áirítear cláruimhir aon fheithicil a bhí páirteach, ina chuidiú mhór againn agus gearáin a bhfiosrú againn::

Go raibh maith agat as an am a thógáil leis an fhoirm seo a chomhlánú

RÚNDACHT

Iarraim go gcoinneoidh Comhairle Contae Fhine Gall m'aitheantas faoi rún agus an gearán seo a fhiosrú

Síniú an Ghearánaigh: Priontáil d'Ainm:

.....

Dáta:

Seol an fhoirm chomhlánaithe maille le cóipeanna d'aon eolas bainteach eile lena n-áirítear grianghrafanna agus léarscáileanna chuig:

An Rannóg Fhorfheidhmithe, Rannóg Comhshaoil Chomhairle Contae Fhine Gall, An Príomhshráid, Sord, Contae Bhaile Átha Cliath.

Gúthán: 01 890 6294 R/phost: envserv@fingalcoco.ie

UIMHIR IAR-AMA AGUS GÉARCHÉIME
Gúthán: 01 873 1415

Is féidir le baill den phobal dumpáil neamhdhleathach ar mhórscála a thuairisciú chomh maith ar uimhir ghútháin íosghlao 24-uair 1850 365 121. Tá an seirbhís rúnda teileafóin seo deartha chun spreagadh a thabhairt do thuairisciú de dhumpáil neamhdhleathach dhramhaíola ar mhórscála nó de dhumpaí neamhdhleathacha tréigthe. Déanfaidh údaráis áitiúla, an Garda Síochána agus an GCC fiosrú ar an eolas a sholáthraíonn an phobal, mar is cuí.

Go raibh maith agat as do chomhoibriú ag cabhrú linn dul i ngleic le dumpáil neamhdhleathach i bhFine Gall.